Tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa maidir le Soghluaisteacht an lucht saothair a fheabhsú chun cur leis an téarnamh eacnamaíoch

(tuairim féintionscnaimh)

(2023/C 75/08)

Rapóirtéir: **Philip VON BROCKDORFF**

Cinneadh ón Tionól Iomlánach	20.1.2022
Bunús dlí	Riail 52(2) de na Rialacha Nós Imeachta Tuairim féintionscnaimh
Rannóg atá freagrach	Fostaíocht, Gnóthaí Sóisialta agus Saoránacht
Dáta a glactha sa rannóg	29.9.2022
Dáta a glactha sa seisiún iomlánach	26.10.2022
Seisiún iomlánach Uimh.	573
Toradh na vótála	
(ar son/in aghaidh/staonadh)	101/0/0

1. **Conclúidí agus moltaí**

1.1. Thagair CESE, i roinnt tuairimí dá chuid, dá thábhachtaí atá soghluaisteacht an lucht saothair i gcoitinne agus thug sé dá aire go bhfuil méadú tagtha ar shoghluaisteacht an lucht saothair laistigh den Aontas le himeacht na mblianta, más ar ráta réasúnta féin é.

1.2. Tá CESE den tuairim gur gá mionanailís cheart a dhéanamh ar na fáthanna (cé is moite de na srianta arbh í an phaindéim ba chúis leo) a bhfuil an méadú céatadáin ar líon na n-oibrithe taistil san Aontas atá in aois oibre níos lú ná mar a bhíodh. Tá CESE ag iarraidh freisin go gcuirfí staidéar ar bun chun costas eacnamaíoch staid reatha an mhargaidh saothair a chinneadh.

1.3. Is éard atá CESE a mholadh bearta náisiúnta níos éifeachtaí lena leagfaí béim ar bheartais ghníomhacha maidir leis an margadh saothair, cuir i gcás sochair laistigh den fhostaíocht d'oibrithe AE agus d'oibrithe ó thríú tíortha.

1.4. Tá CESE ag iarraidh ar an gCoimisiún Eorpach táscairí a áireamh sa seimeastar Eorpach, a bheadh ina gcuid de na moltaí tírshonracha chun faireachán a dhéanamh ar bheartais náisiúnta lena gcuirtear srian ar bhealach amháin nó ar bhealach eile ar shoghluaisteacht oibrithe ar fud an Aontais.

1.5. Ar a mhuin sin, tá CESE ag iarraidh ar an gCoimisiún Eorpach anailís a dhéanamh ar fheiniméin dhiúltacha a bhaineann le soghluaisteacht an lucht saothair, go háirithe imirce daoine oilte in earnálacha agus réigiúin áirithe. San am céanna, ní mór na bearta chun cur i gcoinne imirce daoine oilte a bheith fite fuaite leis na bearta chun an cóineasú sóisialta agus eacnamaíoch aníos a chur chun cinn.

1.6. Is éard atá CESE a mholadh freisin go gcuirfeadh na Ballstáit tuilleadh feabhais ar na tairseacha ábhartha atá acu trí na dálaí oibre íosta a cheanglaítear leis an reachtaíocht náisiúnta a chur san áireamh d'fhonn mí-úsáid a sheachaint. Tá CESE ag iarraidh freisin go ndéanfaí tuilleadh iarrachtaí chun scileanna teanga a fheabhsú.

1.7. Tá CESE ag iarraidh ar na Ballstáit soghluaisteacht daoine faoi mhíchumas a éascú.

1.8. Síleann CESE freisin gur gné thábhachtach é an comhionannas inscne trínar féidir cur le soghluaisteacht an lucht saothair san Aontas, rud atá luaite i dTuairim SOC/731 ([1]).

1.9. Tá CESE ag iarraidh ar an gCoimisiún Eorpach faireachán leanúnach a dhéanamh ar chomhordú na slándála sóisialta agus a áirithiú go mbeidh réitigh chomhchoiteanna ann ar chásanna nua a thagann chun cinn, cuir i gcás an teilea-obair ón gcoigríoch. Ina theannta sin, tá CESE ag iarraidh go gcuirfí dlús leis na hiarrachtaí chun uimhir slándála sóisialta Eorpach a chruthú mar shlí chun bacainní ar an rochtain ar shlándáil shóisialta i gcásanna trasteorann a shárú.

([1]) IO C 443, 22.11.2022, lch. 63.

1.10. Tá sé á thabhairt dá aire ag CESE go bhfuil gá le dálaí maithe oibre agus fostaíochta, chomh maith le nithe a chuireann leis an gcáilíocht saoil, mar shampla fáil a bheith ar scoileanna maithe agus saoráidí maithe áineasa, ionas go mbeidh gnólachtaí i riocht buntáiste iomaíoch a choinneáil agus oibrithe oilte a mhealladh chucu.

1.11. Tá sé á thabhairt dá aire aige freisin gur léir gur chuir paindéim COVID-19 lena raibh de dheiseanna ann chun teilea-obair a dhéanamh. Is mó go mór an líon oibrithe atá ann anois ar spéis leo a bheith ag obair ón gcoigríoch ar feadh tréimhse ghearr nó ar bhonn sealadach. Tá CESE ag tnúth le dul i mbun caibidlíocht leis na comhpháirtithe sóisialta sula i bhfad faoi threoir atá le cur le chéile ar an gceist seo.

1.12. Tá CESE ag iarraidh go mbeadh líonra pointí faisnéise uile-Aontais ann, lena n-áireofaí seirbhísí ar líne, chomh maith le seirbhísí ar an láthair agus seirbhísí teileafóin, a bheadh dírithe ar chabhrú le hoibrithe agus le fostóirí déileáil le fiosrúcháin i réimsí na seirbhísí baincéireachta agus árachais, cuir i gcás.

1.13. Ar an ásc deiridh, tá sé á chur i bhfáth ag CESE a thábhachtaí atá an anailís staidrimh ar shreafaí soghluaisteachta an lucht saothair atá ar siúl faoi láthair mar chabhair chun aghaidh a thabhairt ar mhímheaitseáil scileanna i margaí saothair an Aontais Eorpaigh agus chun measúnú a dhéanamh ar thionchar athruithe amhail an cogadh san Úcráin agus daoine in aois oibre a bheith ag gluaiseacht laistigh de chríoch Bhallstáit agus ó Bhallstát go chéile.

2. **Barúlacha ginearálta**

2.1. Tráth a bhfuil éiginnteacht mhór eacnamaíoch ann, na réamhaisnéisí eacnamaíocha á n-athmheas anuas agus gach cosúlacht air go n-ardófar an ráta úis sa limistéar euro chun cur i gcoinne na rátaí arda boilscithe atá ag teannadh linn, d'fhéadfadh soghluaisteacht an lucht saothair san Aontas Eorpach ról ríthábhachtach a imirt i dtéarnamh eacnamaíoch an Aontais Eorpaigh agus maidir lena ionchais fáis. Aithnítear go forleathan go rannchuidíonn saorghluaiseacht oibrithe agus seirbhísí leis an bhfás eacnamaíoch agus leis an gcomhtháthú eacnamaíoch san Aontas agus go gcruthaíonn sí deiseanna fostaíochta sa Mhargadh Aonair. Is léir cén toradh a bheidh ann: cabhraíonn méadú ar an tsoghluaisteacht, arb é is aidhm dó folúntais reatha a líonadh, le feabhas a chur ar leithdháileadh na n-acmhainní saothair, ar thorthaí eacnamaíocha agus ar an leas eacnamaíoch, go háirithe nuair is dálaí oibre córa a bhíonn á dtairiscint. Tá margadh saothair an Aontais Eorpaigh bunaithe freisin ar phrionsabal na córa comhionainne atá cumhdaithe in Airteagal 45 CFAE agus atá sonraithe i roinnt píosaí reachtaíochta tánaistí. Ar an iomlán, is é is dóichí go mbeidh soghluaisteacht mhéadaithe an lucht saothair ina buntáiste do gheilleagar an Aontais Eorpaigh. Mar sin féin, d'fhéadfadh gnóthachain agus caillteanais a bheith ann do Bhallstáit aonair, ag brath ar éifeachtaí fadtéarmacha threo na sreafaí soghluaisteachta. Sa ghearrthéarma bheadh soghluaisteacht an lucht saothair tairbheach do na tíortha is seoltóirí a mbíonn an dífhostaíocht struchtúrtha ina saintréith díobh. Mar sin féin, bhraithfeadh na glanéifeachtaí a bheadh ann do na tíortha is faighteoirí cuid mhór, *inter alia* ar na dálaí oibre a chuirfí ar fáil d'oibrithe.

2.2. Thagair CESE, i roinnt tuairimí dá chuid, dá thábhachtaí atá soghluaisteacht an lucht saothair i gcoitinne agus thug sé dá aire go bhfuil méadú tagtha ar shoghluaisteacht an lucht saothair laistigh den Aontas le himeacht na mblianta, más ar ráta réasúnta féin é, ach, ó thaobh céatadáin de, go bhfuil an ráta chun deiridh ar ráta soghluaisteachta an lucht saothair sna Stáit Aontaithe. De réir staidéar arna sheoladh ag Ard-Stiúrthóireacht Beartais Réigiúnaigh agus Uirbigh an Choimisiúin Eorpaigh, is ionann an sciar de dhaonra SAM a d'aistrigh go dtí stát eile agus thart ar 2,8 % den daonra iomlán atá in aois oibre, ach san Aontas Eorpach sciar thart ar 1,2 % atá i gceist ([2]).

2.3. De réir staidreamh daonra Eurostat le haghaidh 2019, bhí 13 mhilliún duine in aois oibre (20-64) san Aontas Eorpach a d'aistrigh ó Bhallstát amháin go Ballstát eile. Mar sin féin, sa bhliain sin mhéadaigh líon na n-oibrithe taistil in aois oibre ó thaobh céatadáin de ar ráta ní ba lú ná sna blianta roimhe sin, agus níorbh aon chabhair an phaindéim chun na huimhreacha sin a mhéadú ó shin.

2.4. Léirigh Suirbhé AE 2019 ar an bhFórsa Saothair go raibh 11,9 milliún oibrí taistil AE in aois oibre (arna sainmhíniú mar shaoránaigh AE a chónaíonn i mBallstát seachas tír a saoránachta), agus ar oibrithe taistil gníomhacha 9,9 milliún díobh (arna sainmhíniú mar shaoránaigh AE a théann i mbun fostaíocht i mBallstát eile agus nach gá dóibh ceadúnas oibre a fháil). Sin 4,2 % den fhórsa saothair iomlán sna 28 mBallstát, mar a bhí an tráth sin. Ó d'fhág an Ríocht Aontaithe an tAontas Eorpach, is léir gur laghdaíodh ar na deiseanna oibre atá ann do shaoránaigh AE, agus is iad an Ghearmáin, an Fhrainc, an Iodáil agus an Spáinn na príomh-sprioctíortha d'oibrithe taistil anois.

2.5. Is iad an Rómáin agus an Pholainn na príomhthíortha tionscnaimh i gcás oibrithe taistil gníomhacha, agus is iad an monarú agus an trádáil mhórdhíola agus mhiondíola na príomhearnálacha gníomhaíochta eacnamaíche le haghaidh oibrithe taistil AE. Earnálacha eile atá sách tábhachtach is ea earnáil na tógála agus an iompair, na seirbhísí cúraim shóisialta agus tí, maille leis an turasóireacht agus an talmhaíocht.

2.6. Ba é 1,5 milliún líon na n-oibrithe trasteorann in AE-28 agus, arís eile toisc an Ríocht Aontaithe a bheith tar éis imeacht as an Aontas Eorpach, tá an uimhir sin tite, agus is iad an Fhrainc, an Ghearmáin agus an Pholainn príomhthíortha cónaithe na n-oibrithe trasteorann, agus is ann do shreafaí suntasacha eile idir an tSlóvaic, an Ungáir agus an Ostair. Tá sé á thabhairt dá aire ag CESE gurb iomaí cúis atá le soghluaisteacht an lucht saothair laistigh den Aontas, ag brath ar staid

([2]) https://epc2010.princeton.edu/papers/100976

phearsanta an duine lena n-áirítear difríochtaí pá idir an tír óstach agus tír chónaithe an oibrí trasteorann. Uaireanta is meascán de chúiseanna éagsúla a bhíonn ar chúl an chinnidh a dhéanann oibrithe ar mian leo dul i mbun oibre ar an gcoigríoch, lena n-áirítear fostaíocht a bheith ar fáil ar bhonn séasúrach in earnálacha ar chuma earnáil na talmhaíochta agus earnáil na turasóireachta. I bhfianaise a bhfuil tarlaithe le déanaí, seans gur spreagadh don lucht saothair fanacht ina dtír thionscnaimh féin é an chumhacht cheannaigh a bheith ag dul i laghad, agus tionchar aige sin ar shaoránaigh ar fud an Aontais Eorpaigh, go háirithe i gcás ina mbíonn tionchar ag praghsanna atá ag dul in airde ar chostas cóiríochta ar cíos.

2.7. Le blianta beaga anuas tá méadú tagtha ar an tsoghluaisteacht i measc oibrithe taistil ardoilte, agus breis is trian d'oibrithe taistil an Aontais Eorpaigh sa chatagóir sin. Os a choinne sin, thit sciar na n-oibrithe taistil atá ar bheagán oiliúna de réir an chéatadáin chéanna is a bhí ar ráta méadaithe na n-oibrithe taistil ardoilte. Is fiú a thabhairt faoi deara go bhfuil tábhacht le soghluaisteacht oibrithe taistil ardoilte d'fhorbairt an gheilleagair eolasbhunaithe. Is iad an Ghearmáin, an Spáinn, an Fhrainc, an Bheilg agus an Ostair na príomh-spriocthíortha d'oibrithe taistil ardoilte. Cé gur mar ghairmithe i réimse an ghnó, na múinteoireachta, na heolaíochta agus na hinnealtóireachta is mó a oibríonn na hoibrithe taistil ardoilte, dealraíonn sé go mbíonn na hoibrithe sin rócháilithe dá bpost go minic. Meastar gur mná is ea 55 % de na hoibrithe taistil ardoilte.

2.8. De réir réamh-mheastacháin dhéimeagrafacha Eurostat, táthar ag dréim le hardú ar aois mheánach shaoránaigh an Aontais Eorpaigh. Spéisiúil go leor freisin, táthar ag dréim le titim ar an daonra atá in aois oibre i gcoibhneas leis an daonra ina iomláine, go háirithe i gcás daoine idir 20 agus 39 mbliana d'aois. Os a choinne sin, beidh méaduithe comhréireacha nach beag sna haoisghrúpaí is sine. Beidh tionchar suntasach ag na hathruithe déimeagrafacha sin ar líon féideartha oibrithe taistil AE sna blianta atá amach romhainn, ón uair gur cosúla gur i dtús a saoil oibre is mó a bheidh gluaiseacht faoi dhaoine, agus gur lú an seans go bhfágfaidh siad a dtír thionscnaimh ar thóir oibre de réir mar a théann siad in aois. Tá fianaise leis an méid sin, agus líon eis-sreafaí níos airde á gclarú ar bhonn bliantúil i gcás daoine sna haoisghrúpaí 20 go 29 agus 30 go 39 ná in aoisghrúpaí eile.

2.9. Ón uair go bhfuil an líon daoine sna cohóirt is óige sna tíortha is seoltóirí ag titim freisin, táthar ag dréim le titim ar líon na n-oibrithe taistil ar fud an Aontais Eorpaigh. Mar sin féin, d'fhéadfadh sé go gcealófaí an laghdú sin a bhfuiltear ag súil leis sna patrúin soghluaisteachta mar thoradh ar dhaonra an Aontais a bheith ag dul in aois, agus cúram sláinte agus sóisialta speisialaithe ag teastáil uathu, murab ionann is riamh, agus méadú dá réir ag teacht, ní foláir, ar líon na n-oibrithe taistil a bheidh le hearcú.

2.10. Is léir ón méid thuas gur ceist dhúshlánach i gcónaí na sreafaí soghluaisteachta ar fud an Aontais, a chuireann teorainn leis an soláthar agus a chruthaíonn mímheaitseáil scileanna i bhformhór na n-earnálacha, lena n-áirítear TF agus an tionscal ardteicneolaíochta. Níorbh aon chabhair í an phaindéim ós rud é gur chuir sí srian ar an tsoghluaisteacht laistigh den Aontas de dheasca na dtréimhsí dianghlasála agus bearta sriantacha eile amhail dúnadh teorainneacha agus cosc ar thaisteal. Roimh an bpaindéim, is soghluaisteacht lucht saothair Soir-Siar seachas Theas-Thuaidh ba choitianta, agus meastar go leanfaidh sin ar aghaidh agus na sluaite dídeanaithe ag teitheadh leo ó scrios na cogaíochta san Úcráin. Pé ní ina thaobh sin, dá luaithe a fhilleann ráta soghluaisteachta shaoránaigh an Aontais ar na leibhéil a bhí ann roimh an bpaindéim, is amhlaidh is fearr. Tháinig laghdú 4 % ar líon na n-oibrithe soghluaiste gníomhacha sa mhargadh saothair idir 2019 agus 2020 ([3]).

2.11. Is bunriachtanas é aitheantas frithpháirteach a thabhairt do dhioplómaí agus cáilíochtaí má táthar chun folúntais a líonadh in áiteanna ina mbíonn ganntanais lucht saothair i gcónaí agus má táthar chun an tsoghluaisteacht a éascú. Mar sin féin, ní foláir an córas aitheantais a neartú ionas go n-oibreoidh sé go héifeachtach agus ionas gur féidir tacaíocht a thabhairt do shoghluaisteacht an lucht saothair. Is i réimse an aitheantais fhrithpháirtigh do cháilíochtaí gairmoideachais is mó a thagann an fhadhb chun cinn seachas ar an leibhéal acadúil nó gairmiúil. Ar a shon sin, is fiú a admháil nach mar a chéile an cur chuige maidir le haitheantas frithpháirteach a thabhairt do cháilíochtaí acadúla agus do cháilíochtaí gairmiúla. Ba cheart a chur san áireamh freisin de réir Airteagal 166 CFAE, go mbeidh lánurraim ag an Aontas Eorpach ar fhreagracht na mBallstát as ábhar gairmoiliúna a chur le chéile agus as an ngairmoiliúint sin a eagrú, agus ag an am céanna go dtabharfaidh sé tacaíocht do ghníomhaíochtaí na mBallstát agus go gcuirfidh sé leo.

3. **Barúlacha sonracha**

3.1. Tá CESE den tuairim gur gá mionanailís cheart a dhéanamh ar na fáthanna (cé is moite de na srianta arbh í an phaindéim ba chúis leo) a bhfuil an méadú céatadáin ar líon na n-oibrithe taistil san Aontas atá in aois oibre níos lú ná mar a bhíodh. Tá CESE ag iarraidh freisin go ndéanfar staidéar a chinnfidh costas eacnamaíoch staid reatha an mhargaidh saothair, a bhfuil an ilroinnt ó Bhallstát go chéile ina saintréith de: "costas margaidh saothair Aontais neamhaontaithe".

3.2. Is éard atá CESE a mholadh bearta beartais náisiúnta níos éifeachtaí amhail dreasachtaí soghluaisteachta, ina measc an tsoghluaisteacht chiorclach (trí infheistiú a dhéanamh i dtíortha tionscnaimh trí mheán cláir mhalartaithe agus cláir foghlama frithpháirtí), lena leagfaí béim ar bheartais ghníomhacha maidir leis an margadh saothair, cuir i gcás sochair laistigh den fhostaíocht d'oibrithe AE agus d'oibrithe ó thríú tíortha. I dtaca leis sin, tá CESE den tuairim go spreagfaí

([3]) Tuarascáil Bhliantúil ar Shoghluaisteacht an lucht saothair laistigh den Aontas (2021).

tuilleadh soghluaisteachta dá dtairgfí dreasachtaí airgeadais, amhail costais athlonnaithe a chumhdach, do chuardaitheoirí post chun dul ag obair i mBallstát eile nó i réigiún eile. Ina theannta sin, ní mór iarrachtaí breise a dhéanamh chun feabhas a chur ar fhaisnéis maidir le poist i dtíortha eile san Aontas, chomh maith le cúnamh athlonnaithe a chur ar fáil chun tacú le cúraimí lóistíochta a thagann i gceist nuair a bhogtar go tír eile – e.g. cóiríocht a fháil, clárú chun críoch cánach, scoil a aimsiú do leanaí óga, nó b'fhéidir cúnamh chun post a fháil do pháirtnéirí, etc. Tá CESE ag moladh leas a bhaint as uirlisí IS chun suíomh gréasáin comhchoiteann uile-Aontais a chur ar fáil ina dtabharfaí le chéile na tairiscintí post uile ar fud Bhallstáit an Aontais, chun próifílí agus riachtanais poist a mheaitseáil ar bhealach níos fearr. Sa tslí chéanna, ba cheart dreasachtaí níos spriocdhírithe a chur ar fáil mar spreagadh d'oibrithe dífhostaithe gluaiseacht chuig Ballstáit ina bhfuil leibhéil ísle dífhostaíochta. Is é ganntanas an tsaothair oilte an cheist is práinní do ghnólachtaí Eorpacha, rud a dearbhaíodh i dtuarascáil SAFE arna heisiúint ag BCE an 1 Meitheamh 2022.

3.3. Is oth le CESE an ilroinnt leanúnach ar mhargadh saothair an Aontais Eorpaigh. Is í soghluaisteacht an lucht saothair a bhí thíos leis an gcur chuige treallach go dtí seo. Ba cheart gan a thuilleadh beartais neamheagraithe a ghlacadh, ar an leibhéal náisiúnta go háirithe. Cé gur den riachtanas a áirithiú go gcaitear go comhionann le hoibrithe áitiúla agus le hoibrithe taistil, tá CESE ag iarraidh ar an gCoimisiún Eorpach táscairí a áireamh sa seimeastar Eorpach, a bheadh ina gcuid de na moltaí tírshonracha chun faireachán a dhéanamh ar bheartais náisiúnta lena gcuirtear srian ar bhealach amháin nó ar bhealach eile ar shoghluaisteacht oibrithe ar fud an Aontais.

3.4. Ní chuirfear le soghluaisteacht oibrithe agus ghairmithe an Aontais gan na forálacha atá ann cheana a fhorfheidhmiú níos fearr, agus an rochtain ar fhaisnéis agus an comhar idir na Ballstáit a fheabhsú. Tá CESE den tuairim go bhfuil ról fíorthábhachtach ag an gCoimisiún ina leith sin uile. Tá sé á thabhairt dá aire ag CESE go bhféadfadh drogall a bheith ar Bhallstáit aonair tuilleadh athchóirithe ar an Margadh Aonair a ghlacadh toisc eagla a bheith orthu go gcaillfí poist sa ghearrthéarma, go háirithe sna tíortha sin atá tite ar gcúl cheana, agus i dtíortha/in earnálacha ísealtáirgeachta. Go teoiriciúil, ba chuidiú an tsaorghluaiseacht oibrithe chun dul i ngleic leis an tsaincheist sin, ach ó thaobh na mBallstát de, d'fhéadfadh sé gur cailleadh acmhainní agus imirce daoine oilte a bheadh mar thoradh air idir an dá linn. D'fhéadfadh sé nár mhór don Choimisiún Eorpach, dá réir sin, anailís a dhéanamh ar fheiniméin dhiúltacha a bhaineann le soghluaisteacht an lucht saothair, go háirithe imirce daoine oilte in earnálacha agus réigiúin áirithe. San am céanna, ní mór na bearta chun cur i gcoinne imirce daoine oilte a bheith fite fuaite leis na bearta chun an cóineasú sóisialta agus eacnamaíoch aníos a chur chun cinn. Aithníonn CESE go bhféadfadh rudaí difriúla a bheith i gceist, lena n-áirítear an dearcadh déimeagrafach agus a thionchar ar mhéid agus comhdhéanamh an daonra atá in aois oibre sna tíortha is seoltóirí agus is faighteoirí araon.

3.5. Cé nach mór caighdeáin oideachasúla agus bhailíochtaithe a choinneáil i gcónaí, tá CESE ag iarraidh ar na Ballstáit an maorlathas a laghdú agus cloí le prionsabal bunúsach na córa comhionainne. I ndáil leis sin, meastar go mbeidh feabhsuithe eile ag teastáil ar na sásraí um aitheantas frithpháirteach agus ar na tairseacha um shoghluaisteacht ó phost go chéile. Tá sé á thabhairt dá aire ag CESE go ndearnadh feabhsuithe tábhachtacha ar thairseach EURES um shoghluaisteacht ó phost go chéile, ar an tairseach ar líne Europass agus ar chóras ESCO (an t-aicmiú Eorpach scileanna, inniúlachtaí, cáilíochtaí agus gairmeacha), agus tá sé ag iarraidh ar na Ballstáit a dtairseacha faoi seach a fheabhsú a thuilleadh agus na dálaí oibre íosta a cheanglaítear le reachtaíocht náisiúnta a chuimsiú iontu. Meastar go bhfuil an ceann deireanach sin thar a bheith ábhartha chun nach mbeidh baol mí-úsáide ann i gcás dhálaí oibre na n-oibrithe taistil i réigiúin trasteorann ná i gcás dhálaí oibre na n-oibrithe ó thríú tíortha. Tá CESE ag iarraidh freisin go ndéanfar iarrachtaí breise chun scileanna teanga a fheabhsú óir is bacainn mhór ar an tsaorghluaiseacht san Aontas Eorpach í an easpa scileanna teanga.

3.6. Tá CESE ag iarraidh ar na Ballstáit soghluaisteacht daoine faoi mhíchumas a éascú. Gné eile a bhaineann le hábhar anseo is ea gur gá glacadh le sainmhíniú comhchoiteann Eorpach ar an rud is stádas míchumais ann, i gcomhréir le Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas, mar aon le haitheantas frithpháirteach a thabhairt don stádas míchumais i measc na mBallstát.

3.7. Síleann CESE gur gné thábhachtach é an comhionannas inscne trínar féidir cur le soghluaisteacht an lucht saothair san Aontas, rud atá luaite i dTuairim SOC/731. Ba cheart é sin a dhéanamh faoi scáth iarracht níos leithne cloí le caighdeáin an daonlathais agus an chomhionannais do chách mar bhealach chun soghluaisteacht an lucht saothair a mhéadú.

3.8. Tá CESE á mholadh do na Ballstáit óstacha rochtain ar oiliúint, amhail cláir teanga, a chur ar fáil do dhaoine a bheidh ag obair sa tír óstach i dtús a dtréimhse taithí gairmiúla agus, ag céim níos faide anonn i gcás ina mbeidh gá leis, athoiliúint a chur ar fáil dóibh chun aghaidh a thabhairt ar an nganntanas lucht saothair in earnálacha áirithe agus chun tacaíocht a thabhairt do na haistrithe digiteacha agus do bhearta digiteacha i dtreo geilleagar aeráidneodrach.

3.9. Tá sé á thabhairt dá aire ag CESE freisin go bhféadfaí soghluaisteacht an lucht saothair a fheabhsú ar fud an Aontais Eorpaigh a bhuí le Erasmus+ agus tá sé á chur i bhfios go ndearnadh staidéar in 2011 ([4]) ina ndéantar anailís ar thionchar na tréimhse staidéir thar lear ar shoghluaisteacht an lucht saothair níos faide anonn i saol duine trí leas a bhaint as an taithí a fuarthas ar Erasmus mar fhoinse éagsúlaithe neamhspleách maidir leis an staidéar thar lear. De réir an staidéir, i gcás daoine a rinne staidéar thar lear cheana, cuireann an taithí sin go suntasach leis an seans go n-oibreoidh siad thar lear tar éis dóibh cáilíocht acadúil a bhaint amach. Tá dóchúlacht 15 phointe céatadáin ann i gcás céimithe a rinne staidéar thar lear go rachaidh siad ag obair thar lear tar éis dóibh céim a bhaint amach.

3.10. Is díol sásaimh do CESE gur feabhsaíodh comhordú na slándála sóisialta san Aontas ach tá sé á thabhairt dá aire aige, rud is ábhar imní dó, go mbíonn deacrachtaí ann i gcónaí d'oibrithe taistil, agus d'oibrithe trasteorann agus teorann go háirithe, maidir le rochtain a fháil ar na córais slándála sóisialta. Tá CESE ag iarraidh ar an gCoimisiún Eorpach ar an ábhar sin faireachán leanúnach a dhéanamh ar chomhordú na slándála sóisialta agus a áirithiú go mbeidh réitigh chomhchoiteanna ann ar chásanna nua a thagann chun cinn, cuir i gcás an teilea-obair ón gcoigríoch. Ní féidir róbhéim a chur ar a thábhachtaí atá gníomhaíocht chomhordaithe ar leibhéal an Aontais. Ní mór do na Ballstáit cearta sóisialta na n-oibrithe taistil a áirithiú i gcónaí, lena n-áirítear le linn staideanna géarchéime. Cé go n-aithníonn CESE go bhfuil difríochtaí sna scéimeanna pinsin atá i bhfeidhm ar fud an Aontais faoi láthair, tá sé ag iarraidh freisin go ndéanfaí iarrachtaí breise chun comhordú níos fearr a dhéanamh ar chearta pinsin oibrithe taistil ar fud an Aontais agus na cearta pinsin sin a fhorfheidhmiú, trí mholtaí spriocdhírithe tírshonracha faoi chuimsiú an tSeimeastair Eorpaigh, b'fhéidir. Ina theannta sin, tá CESE ag iarraidh go gcuirfí dlús leis na hiarrachtaí chun uimhir slándála sóisialta Eorpach a chruthú mar shlí chun bacainní ar an rochtain ar shlándáil shóisialta i gcásanna trasteorann a shárú.

3.10.1. Ní mór a thabhairt faoi deara gur mór an tóir atá ar an Táirge Pinsin Phearsanta uile-Eorpach (PEPP) ([5]), is cosúil, i measc daoine féinfhostaithe agus oibrithe taistil a thugann tamall ag obair i dtíortha éagsúla le linn a saoil oibre. Gan amhras, is móide soghluaisteacht an lucht saothair iad a bheith in ann aistriú ó sholáthraí PEPPanna go chéile agus iad ag dul ó thír go tír, siúd is nach léir cá mhéad a chuirfidh sin lena soghluaisteacht i ndáiríre, ós rud é nach bhfuil fáil go fóill ar na PEPPanna.

3.10.2. Nuair a tugadh isteach é an chéad lá, ba dhíol sásaimh do CESE an coincheap seo PEPP toisc a mhéad a d'fhéadfaí saoránaigh an Aontais a spreagadh dá bharr le fáil faoi réir na mblianta a thabharfaidís ar scor ón obair agus toisc gur bhloc tógála bunriachtanach gurbh ea é in Aontas na Margaí Caipitil (CMU). Bíodh sin mar atá, ós rud é nár cuireadh na PEPPanna sin ar fáil go fóill, measann CESE gur gá iarracht bhreise a dhéanamh faoi chuimsiú Phlean Gníomhaíochta Aontas na Margaí Caipitil ([6]), mar atá faoi Ghníomhaíocht 9, d'fhonn rannpháirtíocht i scéimeanna pinsin gairme a spreagadh.

3.11. Tá sé á thabhairt dá aire ag CESE gur léir gur chuir paindéim COVID-19 lena raibh de dheiseanna ann chun teilea-obair a dhéanamh ([7]). Is mó go mór an líon oibrithe atá ann anois ar spéis leo a bheith ag obair ón gcoigríoch ar feadh tréimhse ghearr nó ar bhonn sealadach. Tá CESE ag tnúth le dul i mbun caibidlíocht leis na comhpháirtithe sóisialta sula i bhfad faoin gComhaontú Neamhspleách maidir leis an Teilea-obair (2002) a athbhreithniú agus a thabhairt cothrom le dáta, ar comhaontú é atá le cur chun cinn lena ghlacadh i bhfoirm comhaontaithe a bheidh ceangailteach ó thaobh dlí agus a chuirfear chun feidhme le treoir.

3.12. Tá sé á thabhairt dá aire ag CESE go bhfuil gá le dálaí maithe oibre agus fostaíochta, chomh maith le nithe a chuireann leis an gcáilíocht saoil, mar shampla fáil a bheith ar scoileanna maithe agus saoráidí inbhuanaithe ar ardchaighdeán, ionas go mbeidh gnólachtaí i riocht buntáiste iomaíoch a choinneáil agus oibrithe oilte a mhealladh chucu. Tá sé á chur i bhfios ag CESE freisin a ábhartha atá sé a bheith ag infheistiú go leanúnach in oiliúint fhoirmiúil agus neamhfhoirmiúil agus san fhoghlaim ar feadh an tsaoil, chun tacú leis an aistriú i dtreo geilleagar digiteach agus neodrach ó thaobh carbóin de. I dtimpeallacht dhinimiciúil atá ag athrú go tapa, tá sé ríthábhachtach oiriúnú sciobtha agus éifeachtach a dhéanamh do riachtanais athraitheacha an mhargaidh saothair, agus tionchar na nganntanas soláthair saothair ar an lucht saothair atá ann cheana á aithint ag an am céanna. Gné ábhartha ina leith sin is ea creat-chomhaontú na gcomhpháirtithe sóisialta Eorpacha maidir leis an digiteáil, ina ndearbhaítear go ngeallann an dá pháirtí an t-uas-sciliú nó an t-athsciliú a threisiú chun freastal ar dhúshláin dhigiteacha na bhfiontar.

3.13. Tá sé á chur i bhfáth ag CESE a riachtanaí a bheidh sé na nósanna imeachta le haghaidh shoghluaisteacht an lucht saothair agus postú oibrithe a dhigiteáil chun feabhas a chur ar an malartú faisnéise idir na húdaráis náisiúnta agus bacainní neamhréireacha a bhaint. Cabhróidh an méid sin chun faireachán a dhéanamh ar na rialacha agus iad a fhorfheidhmiú i gceart. Aontaíonn CESE leis an togra i rún an 20 Bealtaine 2021 ó Pharlaimint na hEorpa – *Maidir le tionchar rialacha AE ar shaorghluaiseacht oibrithe agus seirbhísí: soghluaisteacht an lucht saothair laistigh den Aontas Eorpach mar uirlis chun freastal ar riachtanais agus scileanna an mhargaidh saothair* (2020/2007(INI)) ([8]) – ina moltar deasc chabhrach ilfhreastail a chur ar bun d'oibrithe agus d'fhostóirí amach anseo maidir le rialacha infheidhme an Aontais, ar deasc í a bhunófaí go digiteach agus ar

([4]) Parey agus Waldinger (2011) *Studying abroad and the effect on international labour market mobility; evidence from the introduction of Erasmus.*

([5]) Tuairim ó CESE: *Táirge Pinsin Phearsanta uile-Eorpach* (níl leagan Gaeilge ann) (IO C 81, 2.3.2018, lch. 139).

([6]) Féach an tuairim ó CESE: *Aontas na Margaí Caipitil: Aontas do Dhaoine agus do Ghnólachtaí– plean gníomhaíochta nua*, (IO C 155, 30.4.2021, lch. 20).

([7]) IO C 220, 9.6.2021, lch. 13 agus IO C 220, 9.6.2021, lch. 106.

([8]) IO C 15, 12.1.2022, lch. 137.

an láthair laistigh den Údarás Eorpach Saothair (ELA). Faoi mar atá leagtha síos in Airteagal 5 den Rialachán maidir leis an Údarás Eorpach Saothair, feabhsóidh ELA infhaighteacht, cáilíocht agus inrochtaineacht na faisnéise maidir le soghluaisteacht an lucht saothair, lena n-áirítear trí shuíomh gréasáin uile-Aontais aonair a fheidhmeoidh mar thairseach aonair don rochtain ar fhoinsí faisnéise agus seirbhísí faisnéise i dteangacha uile an Aontais Eorpaigh, ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta. Ar a mhuin sin, ba cheart do ELA tacaíocht a thabhairt do na Ballstáit maidir lena suíomhanna greasáin náisiúnta a uasdátú.

3.14. In éineacht leis sin, tá CESE ag iarraidh ar na Ballstáit na seirbhísí poiblí a dhigiteáil, go háirithe na seirbhísí slándála sóisialta ábhartha, chun éascaíocht a dhéanamh ar shoghluaisteacht oibrithe Eorpacha ar fud an Aontais Eorpaigh, agus ag an am céanna, ráthaíocht a thabhairt maidir le hinaistritheacht cheart agus comhlíonadh oibleagáidí i ndáil le soghluaisteacht oibrithe agus gairmithe.

3.15. Ag an am céanna, tá CESE ag iarraidh go mbeadh líonra pointí faisnéise uile-Aontais ann, lena n-áireofaí seirbhísí ar líne, chomh maith le seirbhísí ar an láthair agus seirbhísí teileafóin, a bheadh dírithe ar chabhrú le hoibrithe agus le fostóirí déileáil le fiosrúcháin i réimsí na seirbhísí baincéireachta agus árachais, cuir i gcás.

3.16. Tá sé á chur i bhfáth ag CESE a thábhachtaí atá an anailís staidrimh ar shreafaí soghluaisteachta an lucht saothair atá ar siúl faoi láthair mar chabhair chun aghaidh a thabhairt ar mhímheaitseáil scileanna i margaí saothair an Aontais Eorpaigh agus chun measúnú a dhéanamh ar thionchar athruithe amhail an cogadh san Úcráin agus daoine in aois oibre a bheith ag gluaiseacht laistigh de chríoch Bhallstáit agus ó Bhallstát go chéile. Aithníonn CESE gur deacra go mór meaitseáil scileanna a dhéanamh ar leibhéal na hEorpa seachas ar an leibhéal náisiúnta nó réigiúnach. Ar a shon sin, tá CESE den tuairim go bhfuil tábhacht nach beag le ról chomhairleoirí EURES chun tacaíocht eolach a chur ar fáil d'oibrithe taistil.

3.17. Is den ábharthacht freisin taighde a dhéanamh ar shoghluaisteacht oibrithe ó thríú tíortha agus ar a ndálaí oibre freisin. Tá sé á chur in iúl ag CESE gur chúis bhuartha dó go mbeadh dálaí oibre forbhásacha ann d'oibrithe ó thríú tír sna Ballstáit agus tá sé ag iarraidh go ndéanfaí forfheidhmiú níos láidre ar na rialacha. Tá sé á thabhairt dá aire ag CESE freisin nach leor soghluaisteacht an lucht saothair ó Bhallstáit an Aontais chun freastal ar ghanntanais scileanna. Ní mór imirce oibrithe ó thríú tíortha a éascú agus a fheabhsú. Ina fhianaise sin, is díol sásaimh do CESE an pacáiste a rinneadh le déanaí maidir leis an mbeartas imirce, ach athdhearbhaíonn sé an dearcadh atá aige gur gá bearta éifeachtacha a dhéanamh chun go mbeidh saoránaigh dífhostaithe an Aontais in ann dul isteach sa mhargadh saothair.

An Bhruiséil, an 26 Deireadh Fómhair 2022.

Uachtarán
Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa
Christa SCHWENG